

# ☼ An Lúibín ☼

19 Lúnasa 2012

## An Caighdeán athbhreithnithe

Sa bhliain 1958 a foilsíodh *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*. Leagadh amach rialacha gramadaí agus litrithe dóibh siúd a bhíonn ag úsáid na Gaeilge go hoifigiúil. I gceann tamaill síleadh gur mhithid aitheantas níos leithne a thabhairt do leaganacha éigin a bhí á n-úsáid go forleathan sna canúintí. Beartaíodh eagrán nua a réiteach dá bharr, agus tá athbhreithniú le déanamh go tráthrialta ar an gCaighdeán Oifigiúil chun soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha agus ar mhionphointí gramadaí.

Ar na príomhathruithe a rinneadh ar an gCaighdeán Oifigiúil, tá an méid seo a leanas: is minice a úsáidtear an tuiseal ainmneach seachas an tuiseal ginideach i gcás ainmfhocal éiginnte anois, agus thugtar aitheantas d'fhoirmeacha eile i réimniú na mbriathra. Tá soiléiriú déanta ar riail an tséimhithe, agus tá cur síos nua ann ar úsáid ar fhoirmeacha na Copaile agus na n-uimhreacha. Tá an méid seo ann, mar shampla: 'Cé go bhfuil nósmhaireacht tagtha chun cinn sa chaint na maoluimhreacha a úsáid i gcomhaireamh rudaí os cionn 10 mar rogha ar chóras na mbunuihmhreacha (*fiche a dó méadar, daichead a cúig méadar, tríocha a seacht bád* etc.), ní mholtar an córas sin a úsáid sa scríbhneoireacht oifigiúil'.

Ó thaobh rialacha gramadaí de, tá trí chóras ceadaithe anois i ngeall ar na hathruithe tosaigh ar an ainmfhocal (agus ar an aidiacht) sa tuiseal tabharthach i ndiaidh an ailt — seanchóras an Chaighdeáin, córas an uraithe agus córas an tséimhithe (i. séimhiú ar an aidiacht - *ar an fhear bheag*). Tá deireadh le foirm ar leith sa tuiseal tabharthach i gcás ainmfhocail áirithe den dara díochlaonadh i. *bos, bróg, cluas, cos, lámh*, ach amháin in abairtí seanbhunaithe. Rinneadh leathnú ar an riail faoi úsáid an ainmnigh in ionad an ghinidigh i gcás ainmfhocal éiginnte:

(a) ainmfhocal a bhfuil aidiacht ag gabháil leis tar éis réamhfhocal comhshuite nó a chomhionann – *le haghaidh páirc mhór*;

(b) ainmfhocal a bhfuil réamhfhocal ina dhiaidh mar dhlúthchuid de chlásal ainm bhriathartha a bhfuil brí ar leith á cur in iúl leis – *ag déanamh obair don oifig vs ag déanamh oibre san oifig*;

(c) ainmfhocal a bhfuil frása aidiachtach nó clásal coibhneasta ag gabháil leis tar éis réamhfhocal comhshuite – *i gcás Acht ar bith, de bharr scéim ar tháinig deireadh léi*.

Maidir le réimniú na mbriathra, is féidir *-(e)as* a úsáid i ndeireadh briathair mar a leanas: *na nótaí a scríobhas sí, an leabhar a léifeas siad*. Tá foirmeacha malartacha den Chopail ceadaithe - *gurbh fhéimheach é, go mb'fhéimheach é, go mba fhéimheach é*. I gcás na bhforainmneach, tá an forainm *muid* aitheanta i dteannta *sinn*. Fágann sin na huimhreacha: is féidir na maoluimhreacha a úsáid anois i gcás uimhreacha os cionn 10,000, agus ginideach iolra a úsáid leis na huimhreacha pearsanta anois seachas an t-ainmneach uatha. Agus féach lomadh na litreach 'f' - gan ainmfhocal éiginnte dar tús 'f' a shéimhiú i ndiaidh ainmfhocal eile – *oíche filíochta, teicneolaíocht faisnéise*.

Tá athruithe eile ann: tugtar treoir bhreise maidir le hainmfhocail chinnte — an difear idir 'Tuarascáil Bhliantúil 2009' agus 'An Tuarascáil Bhliantúil, 2009' – agus maidir le húsáid an ainmnigh in ionad an ghinidigh i gcásanna éagsúla — 'chun iomáint le Corcaigh', 'tá saghas ocras orm', 'méid mo chuid oibre'.

Féach toradh an athbhreithnithe anseo:

<http://www.oireachtas.ie/parliament/media/An-Caighde%C3%A1n-Oifigi%C3%BAil--Caighde%C3%A1n-Athbhreithnithe.pdf> *Gramadach na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil, Caighdeán Athbhreithnithe*

Is díol spéise í lena chois sin cáipéis de chuid An Gúm (foilsitheoir): *Treoirlínte maidir leis an stíl tí atá le cur i bhfeidhm ag an bhfoireann eagarthóireachta:*

[http://www.gaeilge.ie/dynamic/file/Stil%20Ti%20an%20Ghuim\\_Iuil%202012fior.pdf](http://www.gaeilge.ie/dynamic/file/Stil%20Ti%20an%20Ghuim_Iuil%202012fior.pdf)



### Ceisteanna cultúrtha

Tugann na hinimircigh leo rudaí nach bhfaighfeá ina gcuid málaí – cuimhní, nósanna, teanga nó canúint. Sa 19ú haois b'as Cúige Mumhan d'fhormhór na nÉireannach a thug a n-aghaidh ar an Astráil agus Gaeilge ó dhúchas acu. D'athraigh a saol agus a meon sa tír nua, ach lena dtuiscint i gceart ní mór dúinn cuimhneamh ar an saol eile úd, rud sinseartha, a tháinig anall leo. Ceirdeanna a bhí i gceist chomh maith le rudaí eile: bhí tábhacht, mar shampla, le déanamh an lín in Éirinn, agus bhí tábhacht i gcónaí le hobair an ghabha san Astráil. Mar chuid den tseandálaíocht chultúrtha, seo roinnt ceisteanna:

Cad a thugtar ortha seo?

1. bláth an lín
2. síol an lín
3. na trí húirlisí a mbaintear feidhm astu chun an lín a ullmhú i gcomhair snímh

Cad a thugtar ortha seo?

1. scian gabha
2. aprún leathair gabha
3. an bloc a bhíonn faoi inneoin
4. soc na hinneonach
5. tine ceárta

*Tá na freagraí le fáil ag bun na nuachtlitreach seo.*



### Esopus

Tugadh le fios le déanaí (fiú más le greann é) nach fada go mbeadh Esopus Nua-Eabhrac ag lorg stádas 'Bhaile Seirbhíse Gaeltachta' dá leanfaí de chur chun cinn na Gaeilge ann. Tagann idir 40 agus 60 Gaeilgeoir le chéile ann gach samhradh ó Nua-Eabhrac féin agus óna lán áiteanna eile ar fud na tíre faoi choimirce Dhaltaí na Gaeilge, eagraíocht a sholáthraíonn tumoideachas sa teanga agus scoláireachtaí ([www.daltai.com](http://www.daltai.com)). Tagann Gaeilgeoirí de gach aois, leibhéal agus cumas le chéile. Bíonn naíonra ar fáil do leanaí faoi bhun cúig bliana agus bíonn ranganna ar leith ann do pháistí óga. ceardlanna damhsa agus amhránaíochta.

Ceantar tuaithe i stát Nua-Eabhrac is ea Esopus, réigiún atá lán de choillte, de chnoic, d'aibhneacha agus d'fheirmeacha; tá cúpla páirc náisiúnta ann. Tá dhá ghráig déag sa cheantar, agus tá baile beag Esopus féin suite ar bhruach na Hudson.

Ní hé go bhfuil nasc ar leith ag an gceantar leis na Gaeil. Ba iad na Lenape cine dúchais an réigiúin: pobal matrarach, iad ina bhfeirmeoirí agus ina sealgairí, agus éadaí maisiúla ar na mná go háirithe. Ba iad na hOllannaigh na chéad Eorpaigh ar chuir na Lenape aithne orthu, rud a tharla sa 17ú haois; ansin tháinig na Briotanaigh. De réir a chéile dhíol na Lenape a dtailte nó cuireadh as seilbh iad, agus is mó fós a scaipeadh iad nuair a bunaíodh na Stáit Aontaithe. Tá a sliocht le fáil anois in Oklahoma, in Wisconsin agus in New Jersey. Tá Béarla ag a bhformhór ó dhúchas anois, ach tá iarrachtaí á ndéanamh ar a dhá dteanga, Unami agus Munsee, a threisiú.<sup>1</sup>

<sup>1</sup> Teangacha casta iad agus gleanúint ag baint leo, i.e. an chuid is mó den eolas ceangailte ina 'bhearta' den ghas agus ord na bhfocal an-solúbtha dá bharr. Rangáitear ainmfhocail de réir mar atá siad beo nó neamhbheo, rud a fhágann a rian ar réimniú

Anois tá na Gaeil landáilte san áit agus teanga chasta dá gcuid féin acu. Is léir go bhfuil dream áirithe dílis don aisling i Meiriceá Thuaidh (tá na Daltaí ag obair i mórán áiteanna) agus is beag áit is deise ná Esopus mar áit chaidrimh agus chainte, más fíor. Dúisíonn seo an tseancheist: cá mhéad Gaeilgeoir líofa atá le fáil i Meiriceá Thuaidh? Na mílte, más fíor. As Éire do chuid acu, bheadh Gaeilge foghlamtha ag roinnt eile i ranganna na nDaltaí nó na n-ollscoileanna (tá Notre Dame chun tosaigh sna cúrsaí seo) agus bheadh Gaeilge foghlamtha ag scata eile uathu féin. Deirtear go bhfuil 100,000 duine ag foghlaim na Gaeilge sna Stáit Aontaithe agus 4,000 duine ag labhairt Gaeilge i Nua-Eabhrac féin. Ba mhaith le daoine éigin Gaelscoil a bhunú sa chathair agus cuireadh achainí ar line tamall ó shin ar lorg 2,000 síniú chuige.

Ní fios fós cén toradh a bheidh ar Esopus agus ar a leithéidí. Tá an dúthracht ann agus an dóchas. D'fhéadfaí cor nua ar fad a chur i scéal na Gaeilge.



### Aisling bhaoth

Scéal a chualamar cheana agus é á ríomh arís (bhí *Foinse* ag cur síos air le déanaí): díolúine ón scrúdú Gaeilge a bheith faighte ag na mílte dalta in Éirinn – ag os cionn 7,000 dalta, mar shampla, a rinne an Ardteistiméireacht in Éirinn i mbliana. Is suimiúla fós na figiúirí a bhaineann leis na daltaí meánscoile i gcoitinne - ní dhearna 32,792 dalta staidéar ar Ghaeilge i rith na scoilbhliana seo caite toisc díolúine a bheith faighte acu.

Mar a deir *Foinse*, tugtar díolúine do dhaltaí a chaith tréimhsí i dtíortha eile, do dhaltaí ó tíortha eile ó dhúchas nó do dhaltaí a bhfuil míchumas foghlama acu. Beagnach 16,000 dalta as an 32,792 a raibh díolúine ón nGaeilge acu i mbliana rinne siad staidéar ar theanga Eorpach eile. Admhaítear nach mór an tairbhe an Ghaeilge do dhaltaí a bhfuil fonn orthu slí bheatha a bhaint amach thar lear – agus sin cuid mhaith acu anois.

Is cóir a rá gur beag suim atá ag formhór na ndaltaí sa Ghaeilge, bíodh díolúine acu nó ná bíodh, agus ní á mhaíomh orthu é. Curaclam righin, béim ar ghramadach seachas ar chaint, múinteoirí nach bhfuil in ann comhrá a dhéanamh – is fada na fadhbanna ann agus iad gan fuascailt. Ar neamhéifeacht na n-údarás oideachais atá an locht. Agus tá an easpa éifeachta céanna le haithint ar mhúineadh na dteangacha iasachta, rud is léir nuair a chuireann Éireannaigh óga isteach ar phoist nach foláir eolas ar theangacha dóibh. Ní measa Éire ná tíortha an Bhéarla i gcoitinne ar an gcuma sin. Ach bheadh súil agat le héifeacht ar leith maidir le múineadh na Gaeilge – curaclam nuachóirithe, modhanna múinteoireachta de chuid na haoise nua, múinteoirí lánlíofa. Aisling bhaoth.



### An Chaismír chráite

Céasadh, dúnmharú, na mílte uaigh cheilte, agus sin i gceann de na háiteanna is áille ar domhan: an Chaismír (réigiún a dtugtar Jammu agus an Chasimír air go hoifigiúil). Is fada an lámh láidir in uachtar ann – míleataigh Ioslamacha ar thaobh amháin, an tArm Indiach ar an taobh eile, agus na sibhialtaigh (mar is gnách) i sáinn eatarthu. Críoch fhorleathan is ea an Chaismír sa chiall is leithne: cuid di san India, cuid eile sa Phacastáin agus cuid eile fós sa tSín. Deir an Phacastáin go bhfuil ceart aici ar chuid na hIndia, ach tá greim docht daingean ag an India ar a creach.

Sa bhliain 1941 ba Mhuslamaigh iad 77% de phobal an réigiúin, ba Hiondúigh iad 20% agus ba Bhúdaithe agus Saicigh iad 3% eile. I dtús staire bhí an Búdachas an-tréan ann ach d'iompaigh formhór an phobail ar an Ioslamachas le himeacht aimsire. Sa ré nua-aoiseach bhí uasaicme Hiondúch ann agus tháinig na Saicigh i réim ann sa 19ú haois. Chuir na Briotanaigh 'an Chaismír' ar bun mar ríocht tar éis dhíomua na Saiceach sa bhliain 1846. Bhí tábhacht riamh leis an réigiún mar nasc idir an India agus na tíortha thuaidh, agus rún ag na Briotanaigh teorainneacha an iarthuaiscirt agus an oirthuaiscirt a dhaingniú.

---

na mbriathra. Tá cur síos ar an ngramadach le fáil ag [http://en.wikipedia.org/wiki/Lenape\\_language](http://en.wikipedia.org/wiki/Lenape_language)

Socraíodh ar dhá thír nua – an India agus an Phacastáin – a chruthú sa bhliain 1946: fágadh an chuid is mó den Chaismír san India de bharr socrú a rinne Maharaja na Caismíre agus na Briotanaigh eatarthu féin. Ach ba Mhuslamaigh iad an chuid is mó den phobal agus nasc soiléir acu le Punjab na Pacastáine i gcúrsaí geilleagair, cultúir agus tíreolaíochta. Bhí caidreamh foirmiúil socraithe idir an India agus an Chaismír ag an *Instrument of Accession*, cáipéis a bhronn stádas speisialta ar an réigiún. Bheadh an India i gceannas gnóthaí seachtracha, cúrsaí cosanta agus cúrsaí cumarsáide, agus bheadh cinniúint an réigiúin ag brath ar phobalbhreith. Is fada an méid sin dearmadta ag polaiteoirí na hIndia.

Scoilteadh an Chaismír sa bhliain 1947 agus thosaigh achrann idir pobail an réigiúin. Ruaigeadh cuid mhaith Hiondúch as Gleann na Caismíre, agus i gceann tamaill thosaigh míleataigh Ioslamacha ag éalú thar teorainn isteach ón bPacastáin. Chuaigh na fórsaí slándála i mbun oibre agus tógadh claí daingnithe chun na míleataigh a bhacadh, ach faoin am sin bhí os cionn caoga míle duine marbh. Tá daingean déanta den Chaismír go léir anois agus í dubh le saighdiúirí.

Is beag suim a chuireann na meáin eachtrannacha sa scéal seo. Tá eisceachtaí ann – an *Guardian* agus Cainéal 4 na Breataine ina measc. Is gearr ó tharraing Cathy Scott-Guard ('The mass graves of Kashmir,' *The Guardian*, 9/7/12) aird na léitheoirí ar obair Parvez Imroz, an t-arnae is ceannána sa Chaismír. Le scór blianta tá sé ag comhadú eascairí *habeas corpus* thar ceann teaghlach a deir go bhfuil a gcairde gaoil fuadaithe ag na fórsaí slándála. Le fuadach a dhéantar pobal a imeagló; mura bhfuil corp do dhuine ann, cad a tharla dó?

Tá na fórsaí slándála cosanta ag Acht Cumhachtaí Speisialta na bhFórsaí Armtha. Tá saoránaigh faoi smacht Acht Shábháilteacht Phoiblí Jammu agus na Caismíre, dlí a ligeann don rialtas daoine a choinneáil i ngéibheann ar feadh dhá bhliain má mheastar go ndéanfaid siad coireanna treascracha. Deir Human Rights Watch go bhfuil 20,000 duine i mbraighdeanas dá bharr. D'éirigh le Imroz na Náisiúin Aontaithe a thabhairt leis: i mbliana rinne an tuairisceoir speisialta um bhásuithe seachbhreithiúnacha a fhógairt don India nár chuí a leithéid de reachtaíocht a bheith ann i dtír dhaonlathach.

Bhí Imroz féin agus a chairde i mbaol idir dhá lámh láidre – na fórsaí slándála agus na míleataigh Ioslamacha. Níor phós Imroz leis na blianta fada ar eagla go ndéanfaí díobháil dá chúram. Rinne na míleataigh é a ghoin agus dlúthchara leis a mharú, agus i Mí an Mheithimh 2008 d'ionsaigh na fórsaí slándála a theach, ionsaí a bacadh nuair a thóg an t-iomám áitiúil gáir agus a thimpeallaigh na comharsana an áit.

Bhí sé ag déanamh fiosrú ar dhaoine fuadaithe i dhá cheantar den Chaismír (tá trí cheantar is fiche ann) nuair a thaispeáin muintir na háite dó gréasán olluaigheanna a bhí lán de choirp fear áitiúil. Ní raibh sa mhéid sin ach tús scéil – uaigheanna eile fós roimhe agus choirp chéasta carntha iontu. Bhí na finnétithe ann – fir áitiúla ar ordaigh an tArm dóibh na choirp úd a chur. Chuaigh cúntóirí Imroz i mbun oibre le cúnaimh deontas. Na mílte marbh ann agus a líon ag dul i méid gan stad. A lán ceantar eile le cuardach fós agus gan a fhios ag aon duine cén t-uafás a bheadh le fáil ann. Is fiú a chuimhneamh nár éirigh le haon dream ná duine fós an céasadh a dhéanamh neamhdhlíthiúil san India.

Faoi na nóchaidí bhí na fórsaí slándála ar a ndícheall ag iarraidh na míleataigh a chur faoi chois. D'fhógair Amnesty go raibh 63 ionad céasta sa Chaismír ag an am, agus sa bhliain 2010, nuair a fuair Caismírigh amach cad a bhí nocht ag Imroz agus a chairde, thosaigh na círeibeanna. Tá fianaise ann gur fada an céasadh á úsáid ag na fórsaí slándála agus é ina ghnáthchleachtadh anois acu: ní rud fánach é ach obair a dhéantar go rianúil agus ar an mbealach céanna ina lán áiteanna difriúla.

Is beag aird a thugann an domhan ar mhná na Caismíre, ach is iomaí bean den phobal Muslamach a bhí i mbun agóidíochta. Bhí mórán le fulaingt acu riamh: míleataigh Ioslamacha ag tabhairt mí-úsáid ghnéasach dóibh, na mílte acu ina mbaintreacha nó ina 'leathbhaintreacha' (mná a raibh a fir ar iarraidh), rud ba mhíne ina leithscéal ag a muintir chéile chun iad a chur de dhroim tí. Ach d'ainneoin na héagóra úd tá bealaí ag na mná i gcónaí chun iad féin a chur in iúl. Fiú nuair an brúdh an búrca orthu d'éirigh leo dealramh faiseanta a chur air, rud a bhain an bonn de na dúrchráifeacháin. Chuaigh roinnt ban le polaitíocht agus bhí rath orthu sna toghcháin áitiúla. I ndeireadh na dála, ní féidir anois iad a chur ina dtost.

Tá pobalbhreith ag teastáil go géar: rud a ligfeadh don phobal a dtoil a chur in iúl. Ach tá eagla ar an India agus ar an bPacastáin go roghnóidh an pobal neamhspleáchas iomlán. Dá roghnóidh an pobal Muslamach an

Phacastáin bheadh fadhb eile ann – an oiread sin Hiondúch a bheith ann, gan trácht ar mhionlaigh eile. Idir an dá linn leanfaidh na fórsaí slándála orthu ag cur an ‘namhaid’ faoi chois. Ach is mór idir neart agus ceart.

#### Le léamh:

Cathy Scott-Gard, ‘The mass graves of Kashmir,’ *The Guardian*, 9/7/12

Asok Kaul, *Kashmir, contested identity: closed systems, open choices*. Jaipur, India: Rawat Publishers 2011

Victoria Schofield, *Kashmir in the Crossfire*. London, New York: I.B. Tauris 1996

*Kashmir: new voices, new approaches*, curtha in eagar ag Waheguru Pal Singh Sidhu, Bushu Asif, Cyrus Samii. Boulder, Colorado: Lynne Rienner Publishers, 2006

Saol agus cultúr na gCaismíreach: <http://www.kasheeronline.com/index.htm>



#### Freagraí:

Tá na ceisteanna agus na freagraí le fáil anseo:

[http://www.musgrai.com/foillsiu/musgraiheach/1/musgraiheach1\\_4](http://www.musgrai.com/foillsiu/musgraiheach/1/musgraiheach1_4): *An Músgraiheach 1*, Meitheamh, 1943. Iris í a d'fhoillsigh Cáirde Mhúsgraihe (Tadhg Ó Scanail, Mícheál Ó Céilleachair agus Síle Ní Éaluighthe) i lár na ndaichidí.

Tá na freagraí mar a leanas:

1. Búch; 2. Ros; 3. Tuairgnín lín, tlú lín, siostal (nó taisteal).

1. Botún; 2. Bairbéal; 3. Ceap gabha; 4. Scian gabha; 4. Corr cip; 5. Teallach.

Tá caighdeánú déanta ar na sleachta thuas, ach seo iad na freagraí sa bhunlitríú: *bugh, ros, tuairgín lín, tlugh lín, siostal (taisteal); botún, bairbéal, ceap gabhann, scian gabhann, corr cip, teallach*.

Bhí éileamh ar línéadach in Éirinn siar go Colm Cille ar a laghad. Sna meánaoiseanna úsáideadh é le haghaidh ghúnaí agus cheannbhearta na mban agus léinte na bhfear. Bláth gorm atá ar an líon. Bhaintí ó fhréamh é i Mí na Lúnasa agus cháití é chun an síol (an ros) a chartadh. (‘Lá sceite an rois’ – lá an-te.) Bháití é ansin i linn nó in abhainn chun na snáithíní a bhogadh (rud a d’fhéadfadh an t-uisce a thruailliú). Ansin dhéantaí an líon a scuitseáil nó a scoitheadh (i.e. é a bhualadh) chun na snáithíní a dhealú. Dhéanfaí an líon a shiostal (i.e. é a chíoradh) chun snáithíní fada boga a chur ar fáil do na sníomhadóirí.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

#### Leaganacha simplithe

## Esopus

Tugadh le fios le déanaí (fiú más le greann é) go mbeadh Esopus Nua-Eabhrac ag lorg stádas ‘Bhaile Seirbhíse Gaeltachta’. Tagann idir 40 agus 60 Gaeilgeoir le chéile ann gach samhradh ó Nua-Eabhrac féin agus óna lán áiteanna eile faoi choimirce Dhaltaí na Gaeilge.

Ceantar tuaithe i stát Nua-Eabhrac is ea Esopus, réigiún atá lán de choillte, de chnoic, d’aibhneacha agus d’fheirmeacha. Tá baile beag Esopus féin suite ar bhruach na Hudson.

Níl baint thraidisiúnta ag na Gaeil leis an gceantar. Ba iad na Lenape cine dúchais an réigiúin: pobal matrarcach a bhí ina bhfeirmeoirí agus ina sealgairí. Chuir siad aithne ar na hOllannaigh sa seachtú haois déag; ansin tháinig na Briotanaigh. De réir a chéile dhíol na Lenape a dtailte nó cuireadh as seilbh iad. Nuair a bunaíodh na Stáit Aontaithe scaipeadh arís iad. Tá a sliocht le fáil anois in Oklahoma, in Wisconsin agus in New Jersey. Tá Béarla ag a bhformhór ó dhúchas anois, ach tá iarrachtaí á ndéanamh ag cuid acu ar a dteangacha féin a threisiú.

Tá Daltaí na Gaeilge ag baint tairbhe as an áit le fada an lá. Tá an tseancheist fós ann: cá mhéad Gaeilgeoir líofa atá le fáil i Meiriceá Thuaidh? Na mílte, más fíor. Deirtear go bhfuil 100,000 duine ag foghlaim na Gaeilge sna Stáit Aontaithe agus 4,000 duine ag labhairt Gaeilge i Nua-Eabhrac féin. Ba mhaith le daoine éigin Gaelscoil a bhunú sa chathair sin.

## An Chaismír chráite

Is fada an lámh láidir<sup>2</sup> á húsáid sa Chaismír – míleataigh Ioslamacha ar thaobh amháin, an tArm Indiach ar an taobh eile, agus na sibhialtaigh (mar is gnách) i sáinn<sup>3</sup> eatarthu. Níl ach cuid den Chaismír san India, agus Muslamaigh is mó atá ina gcónaí ann. Tá mórán Hiondúch<sup>4</sup> ann agus roinnt Búdaithe<sup>5</sup> agus Saíceach.<sup>6</sup>

Bhíodh an Búdachas an-láidir ann ach d’iompaigh formhór an phobail ar an Ioslamachas le himeacht aimsire. Sa ré nua-aoiseach bhí uasaicme Hiondúch agus Saíceach ann.

Socraíodh ar dhá thír nua – an India agus an Phacastáin – a chruthú sa bhliain 1946: fágadh an chuid is mó den Chaismír san India de bharr socrú a rinne Maharaja na Caismíre agus na Briotanaigh eatarthu féin. Dúirt an socrú go mbeadh stádas speisialta ar an gCaismír. Bheadh an India i gceannas<sup>7</sup> gnóthaí seachtracha, cúrsaí cosanta agus cúrsaí cumarsáide, agus bheadh pobalbhreith<sup>8</sup> ann chun stádas buan an réigiúin a shocrú. Níor tharla an pobalbhreith fós.

Scoilteadh an Chaismír sa bhliain 1947. Bhí achrann ar siúl idir pobail an réigiúin agus ruaigeadh Hiondúigh as Gleann na Caismíre. Sna hochtóidí bhí míleataigh Ioslamacha ag éalú isteach ón bPacastáin. Maraíodh na mílte duine de bharr an achrainn go léir. Faoi láthair tá fórsaí slándála le fáil ar fud na Caismíre, agus tá 20,000 duine i bpríosún toisc go bhfuil amhras ag na húdaráis orthu. Tá mórán daoine eile fuadaithe<sup>9</sup> ag fórsaí an rialtais.

Déanann lucht cearta daonna taighde ar na drochghníomhartha, ach tá siad i mbaol toisc nach maith leis na fórsaí slándála ná leis na míleataigh Ioslamacha an obair atá ar siúl acu. Tháinig na taighdeoirí ar na mílte uaigh agus coirp chéasta iontu. Tá fianaise ann gur fada an céasadh á úsáid ag na fórsaí slándála agus é ina ghnáthchleachtadh<sup>10</sup> anois acu.

Is beag aird a thugann an domhan ar mhná na Caismíre. Ba mhínic mná den phobal Muslamach ina n-agóidithe. Bhí mórán le fulaingt acu - míleataigh Ioslamacha ag tabhairt mí-úsáid ghnéasach dóibh, agus na mílte acu ina mbaintreacha nó ina ‘leathbhaintreacha’ (mná a raibh a fir ar iarraidh). Is iomaí bean den saghas sin ar chaith muintir a fir amach í. Ach tá bealaí ag na mná chun iad féin a chur in

<sup>2</sup> Lámh láidir - violence

<sup>3</sup> I sáinn – trapped, in a fix

<sup>4</sup> Hiondúch - Hindu

<sup>5</sup> Búdaithe: Búdái – Buddhist

<sup>6</sup> Saíceach - Sikh

<sup>7</sup> I gceannas – in charge of

<sup>8</sup> Pobalbhreith - plebiscite

<sup>9</sup> Fuadaithe - abducted

<sup>10</sup> Gnáthchleachtadh – common practice

iúl.<sup>11</sup> Má bhrúitear an búrca orthu cuireann siad dealramh faiseanta air. Chuaigh mná le polaitíocht agus tháinig rath orthu sna toghcháin áitiúla.

---

<sup>11</sup> Iad féin a chur in iúl – express themselves.